

Ábhar Bhailiúchán na Scol ó Chontae Liatroma agus Innéacs Sloinnte Éireannacha
ar www.duchas.ie anois

Is féidir béaloideas agus stair áitiúil ó Chontae Liatroma a léamh ar www.duchas.ie anois.

Ábhar a thaifead daltaí scoile idir 1937 agus 1939 is ea Bailiúchán na Scol, cuid thábhachtach de Chnuasach Bhéaloideas Éireann, UCD. Tá breis is 500,000 leathanach d'ábhar i gceist, a thaifead tuairim is 50,000 dalta scoile i níos mó ná 5,000 scoil sna 26 chontae.

Tá ábhar as na contaetha sin á chur ar fáil ar thaisclann nua de bhéaloideas na hÉireann, [duchas.ie](http://www.duchas.ie), le bliain anuas agus is í aidhm an tionscadail go mbeidh sciar mór de Bhailiúchán na Scol ar fáil ar líne faoi dheireadh 2016. Tá ábhar ó Bhaile Átha Cliath, ó Mhaigh Eo, ó Dhún na nGall, ó Phort Láirge agus ó Ghailimh ar fáil ar an suíomh cheana. Is toradh é [duchas.ie](http://www.duchas.ie) ar chomhpháirtíocht a cuireadh ar bun an chéad lá in 2012 idir Cnuasach Bhéaloideas Éireann (UCD), Fiontar (DCU) agus an Roinn Ealaíon, Oidhreacht agus Gaeltachta.

Cuirfidh Éireannaigh agus lucht an diaspóra araon suim sa suíomh seo. Is áis iontach é [duchas.ie](http://www.duchas.ie) do thaighdeoirí a chuireann suim i léann an bhéaloidis, sa stair áitiúil, sa tseandálaíocht, i gcúrsaí ginealais, sa teangeolaíocht agus i réimsí taighde eile. Is féidir an bailiúchán a chuardach faoi láthair de réir áiteanna agus de réir daoine; seolfar cuardach de réir topaicí amach anseo.

I ndeireadh mhí Iúil 1935, labhair Séamus Ó Duilearga, Stiúrthóir Oinigh Choimisiún Bhéaloideas Éireann, ag cruinniú chraobhacha Liatroma de Chumann Múinteoirí Éireann. Rinne sé cur síos ar Scéim na Scol agus ar an tábhacht a bhain le hábhar béaloidis a bhailiú ar fud na tíre agus i gContae Liatroma go háirithe, mar a tuairiscíodh in *The Leitrim Observer* (27.07.1935): 'Leitrim teems with associations of ancient days, and as it is pointed out that it is one of the richest in oral traditions and folklore of any of the counties of Ireland, the material is at hand ripe for the picking'.

Ghlac beagnach 150 scoil páirt sa scéim i gcontae Liatroma agus tionsaíodh 40 imleabhar mór d'ábhar béaloidis. Cé gur ábhar Béarla atá ann go príomha, tá iarsmaí de Ghaeilge Liatroma ina measc.

Dúirt an tAire Stáit do Ghnóthaí Gaeltachta, Joe McHugh, TD, 'Is céim thábhachtach eile í seo sa tionscadal nuálach seo a chuirfidh ábhar úr maidir le saol traidisiúnta na hÉireann sna blianta a chuaigh thart ar fáil don phobal i gcoitinne. Cuirfidh an t-ábhar nua seo ar chumas an taighdeora agus go leor daoine eile an difríocht a fheiceáil idir saol an lae inniu agus an saol mar a bhíodh, breis agus 80 bliain ó shin.'


Innéacs sloinnte Éireannacha – nach mór 3,000 sloinne ar fáil

Cnuasach sloinnte é seo a cruthaíodh as cuid de stoc ábhar Chnuasach Bhéaloideas Éireann agus atá á chur ar fáil ar [duchas.ie](http://www.duchas.ie) faoi cheadúnas oscailte ag Fiontar (DCU) agus Cnuasach Bhéaloideas Éireann (UCD). Is féidir an cnuasach a chuardach agus teacht ar thuilleadh eolais faoi stair an chnuasaigh ag <http://www.duchas.ie/ga/nom>.

Tá [duchas.ie](http://www.duchas.ie) á fhorbairt ag Fiontar, aonad teagaisc agus taighde trí mheán na Gaeilge in Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath, agus ag Cnuasach Bhéaloideas Éireann i UCD, ceann de na cnuasaigh béaloidis is mó ar domhan. Tá an tionscadal [duchas.ie](http://www.duchas.ie) á chómhaoiniú ag UCD agus ag an Roinn Ealaíon, Oidhreacht agus Gaeltachta le tacaíocht ón gCrannchur Náisiúnta.

Tá ról comhairleach ag Taisclann Dhigiteach na hÉireann (DRI) in obair [duchas.ie](http://www.duchas.ie) maidir le caighdeáin agus idir-inoibritheacht i gcartlannú digiteach.

Nóta: Beidh deis ag an bpobal páirt a ghlacadh sa tionscadal seo ó mhí Eanáir 2015 ar aghaidh. Tuilleadh eolais ar fáil ag [duchas.ie/ga/info/crowd](http://www.duchas.ie/ga/info/crowd) nó ó eolas@duchas.ie.



An Roinn
Ealaíon, Oidhreacht agus Gaeltachta
Department of
Arts, Heritage and the Gaeltacht

